Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Fógra Poiblí

## LÉARSCÁIL FHORLÍONTACH AR CÁIN TALÚN CÓNAÍ-CHRIOSAITHE

### Fógra maidir le Léarscáil Fhorlíontach arna hullmhú faoi Alt 653F den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (An tAcht Airgeadais 2021) mar a bhaineann sé le Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá léarscáil fhorlíontach, arna hullmhú faoi Alt 653F den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ina sainaithnítear breisithe leis an dréacht-léarscáil a d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roimhe seo foilsithe ar suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tá sí ar fáil lena hiniúchadh in oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ullmhaíodh an léarscáil fhorlíontach d'fhonn talamh a aithint, seachas an talamh a áirítear ar dhréacht-léarscáileanna, a chomhlíonann na critéir iomchuí agus atá le bheith faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe.

**Ní bheidh réadmhaoine chónaithe, d'ainneoin go bhféadfar iad a áireamh ar an léarscáil fhorlíontach, inmhuirearaithe i leith na cánach talún criosaithe cónaithe.**

Is tagairt í talamh lena ndéantar na critéir ábhartha a chomhlíonadh do thalamh -

(a) atá san áireamh i bplean forbartha, de réir alt 10(2)(a) d'Acht um Pleanáil agus Forbair, 2000 (arna leasú), nó plean ceantair áitiúil, de réir alt 19(2)(a) d'Acht um Pleanáil agus Forbair, 2000 (arna leasú), atá criosaithe -

- (i) chun críocha úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó
- (ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

(b) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhféadfadh rochtain a bheith ag an talamh, nó go bhfuil baint aige, le bonneagar agus áiseanna poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil shéarach bréan, draenáil uisce dromchla agus soláthar uisce, is gá chun áiteanna cónaithe a fhorbairt agus a bhfuil acmhainn seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den sórt sin, agus

(c) go bhfuil sé réasúnach a bhreithniú nach ndéantar difear dó, i dtéarmaí a bhail fhisiciúil, mar gheall ar nithe ar leor iad chun soláthar áitreabh a chosc, lena n-áirítear éilliú nó taisí seandálaíochta nó stairiúla aitheanta a bheith ann,

ach nach talún é -

- (i) dá dtagraítear i mír (a)(i) agus, ag féachaint d'fhorbairt (de réir bhrí Acht 2000) amháin nach forbairt neamhúdaraithe (de réir bhrí Acht 2000), atá á húsáid mar áitreabh, ina bhfuil trádáil nó gairm á gcur i gcríoch, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, ar réasúnach breithniú a dhéanamh ina leith go bhfuil sé á úsáid chun seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí i limistéir chónaithe chóngaracha,
- (ii) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(ii), mura bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil an talamh neamhshealbhaithe nó díomhaoin,
- (iii) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil sé riachtanach, nó go bhfuil sé lárnach, le haghaidh áitithe ag -
  - (I) bonneagar agus saoráidí sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus saoráidí a úsáidtear chun críocha riaracháin phoiblí nó chun oideachas nó cúram sláinte a sholáthar,
  - (II) saoráidí agus bonneagar iompair,
  - (III) bonneagar agus saoráidí fuinnimh,
  - (IV) bonneagar agus saoráidí teileachumarsáide,
  - (V) bonneagar agus saoráidí uisce agus fuíolluisce,
  - (VI) bainistíocht dramhaíola agus bonneagar diúscartha, nó
  - (VII) bonneagar fóillíochta, lena n-áirítear saoráidí spóirt agus clóis súgartha,
- (iv) atá faoi réir ainmniú reachtúil a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt, nó
- (v) ar a bhfuil an tobhach ar láithreáin thréigthe iníoctha de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.

Tá an léarscáil fhorlíontach ar fáil lena scrúdú ag an bpobal go dtí an **1 Meitheamh 2023,** ag na háiteanna seo a leanas:

- **ar líne ag** www.dublincity.ie/RZLTMap

agus, seachas an 1 Bealtaine, ag:

**Oifigí na Cathrach, An Cuntar Poiblí Pleanála, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 - Luan go hAoine idir 9.00am agus 4.30pm.**

**Oifigí Ceantair,** mar atá liostaithe thíos agus le linn a ngnáthuaireanta oscailte oifige:

- **Oifig an Lárcheantair, 51 -53 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1** Luan go hAoine idir 9.30 am agus 4.00 pm.
- **Oifig Cheantar na Cabraí, 97 Bóthar Nua na Cabraí, Baile Átha Cliath 7** Luan go hAoine idir 10.00 am agus 1.00 pm.
- **Ionad Cathartha an Lárthuaiscirt, Bóthar Bhun Raite, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17** Luan go hAoine idir 9.30 am agus 4.00 pm.
- **Ionad Cathartha Bhaile Munna, An Phríomhshráid, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9** Luan go hAoine idir 9.30 am agus 1.00 pm agus san iarnóin trí choinne amháin.
- **Ionad Cathartha Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, An Fhaiche Ghlas, Baile Átha Cliath 11** Luan go hAoine idir 9.30 am agus 1.00 pm agus san iarnóin trí choinne amháin.
- **Ionad Cathartha Bhaile Formaid, Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10** Luan go hAoine idir 9.00 am agus 5.00 pm.
- **Oifg Cheantar Chromghlinne, 13 Bóthar San Aignéas, Sráidbhaile Chromghlinne, Baile Átha Cliath 12** Luan, Céad, Aoine 9.30 am agus 4.00 pm.
- **Teach Eblana, Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8** Luan go hAoine idir 9.30 am agus 4.00 pm.

**Aighneachtaí**

Féadfar aighneachtaí ar an léarscáil fhorlíontach a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás áitiúil lena mbaineann tráth nach déanaí ná an **1 Meitheamh 2023,** maidir le -

(I) láithreáin shonracha a eisiamh ón léarscáil dheiridh, nó

(II) an dáta a shásaigh láithreán na critéir iomchuí den chéad uair.

Ba cheart go n-áireofaí in aighneachtaí ó úinéirí talún ainm agus seoladh, cúiseanna le tailte a eisiamh, chomh maith le léarscáil de scála 1:1,000 (ina sainaithnítear go soiléir an limistéar talún is ábhar don aighneacht.

Aon aighneachtaí i scríbhinn den sórt sin a gheofar faoin **1 Meitheamh 2023** seachas na heilimintí sin d'aighneacht a d'fhéadfadh a bheith ina sonraí pearsanta, foilseofar iad ar suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Claith lena mbaineann tráth nach déanaí ná an **11 Meitheamh 2023.**

I gcás ina mbeidh talamh atá sainaitheanta ar an léarscáil fhorlíontach ar áireamh i bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil de réir alt 10(2)(a) nó 19(2)(a) d'Acht um Pleanáil agus Forbair 2000 (arna leasú) arna chriosú -

(i) chun críocha úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

agus i gcás ina n-aithneofar talamh ar an léarscáil fhorlíontach mar thalamh atá faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe, féadfaidh duine, i leith talún ar leis an duine sin, aighneacht a dhéanamh chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag iarraidh athrú ar chriosú na talún sin.

Ba cheart go n-áireodh aon aighneacht den sórt sin fianaise ar úinéireacht, cúiseanna mionsonraithe le haon iarratas ar athchriosú, chomh maith le léarscáil ar scála 1:1,000 ag sainaithint an píosa talún ábhartha go soiléir.

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach iarratas ar athchriosú a mheas ag féachaint do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh suas go meán oíche an **1 Meitheamh 2023** ach gan sin san áireamh trí na roghanna seo a leanas:

- Is féidir aighneacht i scríbhinn a dhéanamh go leictreonach tríd an leathanach gréasáin ag www.dublincity.ie/RZLTMap

Nó

- I scríbhinn chuig "Léarscáil Fhorlíontach RZLT", An tAonad um Bainistíocht Talún Gníomhach, An Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár 3, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.

Déan d'aighneacht trí mheán amháin i.e. cóip chrua nó trí thairseach an láithreáin ghréasáin.